Iarratas ar Cheadúnú Comharthaíocht, Fearas, Struchtúr etc.	Comhairle Chontae na Gaillimhe Galway County Council	Application for Licensing of Signs, Applicances, Structures etc
Tá an fhoirm seo le fáil i gcló mór chomh maith		This form is also available in large print
Tá míle fáilte an fhoirm seo a líonadh i nGaeilge		

An tAcht um Pleanáil & Forbairt 2000, Alt 254 **Na Rialacháin um Pleanáil & Forbairt 2001, Cuid 17**		Planning & Development Act 2000,Section 254 Planning & Development Regulations 2001, Part 17
Ainm na cuideachta	Company Name	
Seoladh	Address	
Cód Poist	Postcode	
Teileafón	Telephone	
Ríomhphost	Email	
Ainm & seoladh le haghaidh comhfhreagrais (murab ionann agus an t-ainm agus an seoladh thuas)	Correspondence Name and Address (If different from above)	

Tuairisc an struchtúir bheartaithe	Description of Proposed Structure	

Cuspóir an struchtúir bheartaithe	Purpose of Proposed Structure	

Suíomh an struchtúir bheartaithe (tabhair mionsonraí, le do thoil)	Location of proposed structure (give detail)	

An bhfuarthas cead pleanála le haghaidh feidhm?	Has Planning Permission been obtained for the purpose of the sign	**Tá**/Yes ☐ **Níl**/No ☐
Má fuarthas, tabhair an uimhir thagartha pleanála, le do thoil	If so please give planning reference number	
An ré ar lena linn a chothabhálfar an struchtúr	Duration for which structure is to be maintained	

Má chuireann an struchtúr isteach go substaintiúil ar an gcosán, luaigh an socrú a bheartaítear a chur ar fáil do choisithe	If the structure infringes substantially on the footpath, state provision proposed to be made for pedestrians	

Síniú an iarratasóra	Signature of Applicant	
Dáta	Date	

Gheobhaidh tú na nithe seo a leanas faoi iamh: **1. Foirm iarratais** **2. Liosta táillí** **3. Cóip d'alt iomchuí 254, an tAcht um Pleanáil & Forbairt 2000** **4. Cóip den roinn iomchuí de Phlean Reatha Forbartha an Chontae** **5. Ceisteanna a chuirtear go minic agus sonraíochtaí faoi comharthaeacha** **6. Comharthaíocht fógraíochta díolmhaithe mar atá leagtha amach i gCuid 2, Sceideal 2, na Rialacháin um Pleanáil & Forbairt 2001 – i gcás Comharthaíocht nach bhfuil suite ar bhóthar poiblí ná os cionn bóthair phoiblí ná feadh bóthair phoiblí**	You will find enclosed: 1. Application form 2. List of fees 3. Copy of relevant section 254, Planning & Development Act 2000 4. Copy of relevant section of Current County Development Plan 5. Frequently asked questions and signage specifications 6. Exempt advertisement signs as set out in Part 2, Schedule 2, Planning & Development Regulations 2001 – for signs not on, over or along a public road
Beidh baint ag na nithe seo a leanas leis an gcinneadh maidir le ceadúnas a dheonú: **1. Pleanáil chuí agus forbairt inchothaithe an limistéir.** **2. Forálacha an Phlean reatha Forbartha Contae agus forálacha aon Phleananna Limistéirí Áitiúla.** **3. An líon struchtúr/comharthaíocht atá ann cheana féin sa suíomh beartaithe.** **4. Sábháilteacht úsáideoirí bóthair.** **5. Beidh ceadúnais a dheonófar faoi chuid 1 den liosta táillí atá i gceangal leis seo faoi réir táille bliantúla athnuachana.** **6. Beidh an t-iarratasóir freagrach as an comhartha/struchtúr a chothabháil le linn ré an cheadúnais. I gcás ina bhfuil an struchtúr ina chúis le bacainn nó ina dtiocfaidh sé chun bheith contúirteach, féadfaidh an t-údarás pleanála an Ceadúnas a tharraingt siar agus a cheangal ar an**	The following will have regard to the decision on the grant of a licence: 1. Proper planning and sustainable development of the area. 2. Provisions of the current County Development Plan and any relevant Local Area Plans. 3. Number of structures/signs already in existence at the proposed location. 4. Safety of road users. 5. Licences granted under part 1 of the attached list of fees will be subject to an annual renewal fee. 6. It will be the responsibility of the applicant to maintain the sign/structure for the duration of the licence. Should the structure cause an obstruction or become dangerous the planning authority may withdraw the licence and require the licensee to remove the structure at his or her own expense.

gceadúnaí an struchtúr a thabhairt chun bealaigh ar a chostas/costas féin. **Is ceart na nithe seo a leanas a chur ag gabháil leis an iarratas seo:** **1. Foirm iarratais agus í comhlánaithe go hiomlán.** **2. Léarscáil den suíomh ina dtaispeántar ionad beacht an struchtúir bheartaithe. I gcás comharthafógraíochta, ní mór duit suíomh an áitribh atá le fógairt a thaispeáint freisin.** **3. Sceitse den struchtúr beartaithe ina dtaispeántar méid, dath, téacs etc.** **4. An táille chuí – féach an liosta táillí atá i gceangal leis seo.**	The following should be accompanied with this application: 1. Fully completed application form. 2. Location map indicating the exact position of the proposed structure. In the case of an advertisement sign you must also indicate the location of the premises to be advertised. 3. Sketch of the proposed structure indicating size, colour, text etc. 4. Appropriate fee – see attached list of fees.

Táillí ceadúnais faoi Alt 254 den Acht i Leith Fearas, Gaireas agus Struchtúr Sonraithe, arna leasú leis na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Uimh. 2), 2002 (I.R. Uimh. 149 de 2002)	Licence fees under Section 254 of the Act in respect of Specified Appliances, Apparatus and Structures as Amended by Planning and Development (no. 2) Regulations, 2002 (S.I. No. 149 of 2002)	
Cuid 1	Part 1	
(a) Inneall díola nó meaisín mona-oibrithe (nach meá-inneall).	(a) A vending machine or coin operated machine (not being a weighing machine).	€125
(b) Léarscáil de bhaile nó de thírdhreach chun treonna nó áiteanna a thaispeáint.	(b) A town or landscape map for indicating directions or places.	€25
(c) Clárlach, fál nó scafall (nach clárlach, fál nó scafall atá tadhlach le bóthar poiblí) **(i) €1,250 ar thréimhse 1 bhliain** **(ii) €1250 ar thréimhse is faide ná 1 bhliain & €1250 ar gach bliain bhreise nó cuid de bhliain** **(iii) €125 ar thréimhse is giorra ná 1 bhliain nó ar chuid de mhí**	(c) A hoarding, fence or scaffold (not being a hoarding, fence or scaffold bounding a public road) (i) €1,250 for a period of 1 year (ii) €1250 for more than 1 year & €1250 for every extra year or part of year (iii) €125 for a period less than 1 year or part of a month	
(d) Struchtúr fógraíochta [seachas struchtúr fógraíochta a shonraítear i mír (dd)].	(d) An advertisement structure [other than an advertisement structure specified in paragraph (dd)].	€50
(dd) Struchtúr fógraíochta (ar struchtúr é de chineál méire eolais nach faide ná 1 mhéadar) arb é atá ann ná treo-comhartha.	(dd) An advertisement structure (being of a fingerpost type not exceeding 1 metre in length) consisting of a directional sign.	€50
(e) Cábla, sreang nó píblíne (nach cábla é chun leictreachas a sheoladh nó chun críocha tís nó talmhaíochta nó nach draenach ná píopa uisce é).	(e) A cable, wire or pipeline (not being a cable for conducting electricity or domestic or agricultural purposes or a drain or water pipe.	€25 per 100m length or part thereof
(f) Both nó uaithne gutháin.	(f) A telephone kiosk or pedestal.	€630
(g) Cás, raca, seilf nó fearas gaireas nó struchtúr eile	(g) A case, rack, shelf or other appliance,	€125

chun earraí a cur ar taispeáint, cibé acu chun críche fógraíochta nó díola nó nach ea nó i dtaca le haon áitreabh gnó tadhlach.	apparatus or structure for displaying articles, whether or not for the purpose of advertisement or sale in or in connection with any adjacent business premises.	
(h) Táblaí agus cathaoireacha taobh amuigh d'óstán, de bhialann, de theach tábhairne nó de bhunachas eile ina ndíoltar bia lena chaitheamh ar an áitreabh.	(h) Tables and chairs outside a hotel, restaurant, public house or other establishment where food is sold for consumption on the premises.	€125 per table
(i) Fógrán ina bhfuil aon téacs, siombail, feathal, samhail, feiste nó lógó.	(i) An advertisement consisting of any text, symbol, emblem, model, device or logo.	€630
(j) Píopa nó fearas lena ngabhann píopa chun aer nó uisce a riaradh, nach píopa ná fearas atá i gceangal le caidéal peitril nó ola.	(j) A pipe or an appliance with a pipe attachment for dispensing air or water, not being a pipe or appliance attached to a petrol or oil pump.	€25
(k) Meá-inneall.	(k) A weighing machine.	€63
(l) Saoráid a dtugtar ábhar fuílligh chuici.	(l) A bring facility.	€25

Cuid 2	Part 2	
(a) Caibinéad a úsáideann daoine atá ceadúnaithe faoi na Rialacháin Raidió-Theileagrafaíochta (Ceadúnas Leaschraolacháin Shreangaithe),1974, mar chuid de chóras leaschraolacháin shreangaithe.	(a) A cabinet used as part of a wired broadcast relay system by a person licensed under the Wireless Telegraphy (Wired Broadcast Relay Licence) Regulations, 1974.	€125
(b) Cuaille solais.	(b) A lamp-post.	€25
(c) Droichead, áirse, tollán, pasáiste nó struchtúr eile den tsamhail chéanna a úsáidtear nó a bheartaítear le húsáid seachas ag an bpobal agus a tógadh an 1 Deireadh Fómhair 1964 nó dá éis.	(c) A bridge, arch, tunnel, passage or other similar structure used or intended for use other than by the public and constructed on or after 1 October1964.	€25
(d) Siléar nó struchtúr eile faoi thalamh a tógadh an 1 Deireadh Fómhair 1964 nó dá éis.	(d) A cellar or other underground structure constructed on or after 1 October 1964.	€125
(e) Cábla chun leictreachas a sheoladh chun críocha tís nó talmhaíochta.	(e) A cable for conducting electricity for domestic or agricultural purposes.	€125

Ceisteanna a chuirtear go minic	Frequently asked questions
1. An gá dom cead pleanála nó ceadúnas a fháil le haghaidh an struchtúir, na comhartha etc. atá beartaithe agam? **Má tá an struchtúr beartaithe/an comhartha bheartaithe le cur ar mhaoin phríobháideach agus nach n-aicmítear mar fhorbairt dhíolmhaithe é, ní mór duit iarratas a dhéanamh ar chead pleanála. Féach comharthaíocht fógraíochta díolmhaithe, le do thoil, mar atá leagtha amach i gCuid 2, Sceideal 2, na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001. Má tá an struchtúr beartaithe/an comhartha bheartaithe le**	1. Do I need planning permission or a licence for my proposed structure, sign etc.? If the proposed structure/sign is to be positioned on private property and it not classed as exempted development you must apply for planning permission. Please see exempted advertisement signs as set out in Part 2, Schedule 2, Planning & Development Regulations 2001. If the proposed structure/sign is to be positioned on, over, under or along any public road then you must apply to the planning authority for a

cur ar aon bhóthar poiblí, os cionn aon bhóthair phoiblí, faoi aon bhóthar poiblí nó feadh aon bhóthair phoiblí, ní mór duit iarratas a dhéanamh chuig an údarás pleanála ar cheadúnas faoi alt 254 den Acht um Pleanáil & Forbairt 2000.	licence under section 254 of Planning & Development Act 2000.
2. Cad a tharlóidh má leanaim ar aghaidh agus an fhorbairt a chur i gcrích gan ceadúnas a fháil? Beidh tú ciontach i gcion agus dlífear fíneálacha/pionóis agus/nó príosúnacht a chur ort.	2. If I proceed on carrying out my development and do not obtain a licence what will happen? You shall be guilty of an offence and shall be liable for fines/penalties and/or imprisonment.

Sonraíochtaí le haghaidh síneacha	Specifications for signs
1. Tá gach sín le monarú de réir chaighdeáin reatha na Roinne Comhshaoil atá sonraithe i ndáil le comharthaíocht tráchta a dhéanamh.	1. All signs to be manufactured in accordance with current Department of the Environment standards specified for the construction of traffic signs.
2. Comharthaíocht de chineál méire eolais agus comharthaíocht den sórt sin amháin a bheidh ann, dar tomhas 1000mm (fad uasta) x 312mm. Más gá, féadfar script a dhlúthú go 70% dá gnáthleithead chun an srian seo maidir le fad a chomhlíonadh.	2. Signs shall be of fingerpost type only measuring 1000mm (max length) x 312mm. Where necessary script may be condensed to 70% of its normal width to comply with this length restriction.
3. Beidh an bundearadh i gcomhréir leis an ngnáthdhearadh le haghaidh comharthaíocht tráchta agus beidh dath bán ar an téacs, ar imill, ar shaigheada agus ar rachtáin agus beidh cúlra donn ann. Is é atá san imir doinne a mholtar i 411 de BS381C ná 'meán-donn'.	3. The basic design will conform to the normal design for traffic signs and will feature white legend, borders, arrows and chevrons on a brown background. The shade of brown recommended in 411 of BS381C 'middle brown'.
4. Is é úinéir an áitribh atá le fógairt a cheannóidh na comharthaíocht agus comhlíonfaidh na comharthaíocht na sonraíochtaí sin roimhe seo.	4. Signs shall be purchased by the owner of the premises to be advertised and shall comply with the foregoing specifications.
5. Déanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe cuaille a chur in airde ag acomhail oiriúnacha bóthair agus cuirfidh sí comharthaíocht in airde i gcás ina bhfaightear iad ó iarratais cheadaithe. Féadfaidh an Chomhairle comharthaíocht le haghaidh níos mó ná áitreabh amháin a chur in airde ar an gcuaille céanna.	5. Galway County Council will erect a pole at suitable road junctions and will erect signs where received from approved applications. Signs for more than one premise may be erected by the Council on the same pole.
6. Ní dhéanfar comharthaíocht a cheadúnú mura rud é go mbeifear tar éis an t-áitreabh atá le fógairt agus úsáid an áitribh sin chun na críche a fhógraítear a údarú le cead faoi na hAchtanna Pleanála nó mura rud é nach gá, de bhua fhorálacha na nAchtanna Pleanála nó rialachán arna ndéanamh fúthu, cead pleanála a dheonú maidir leis an áitreabh.	6. Signs will not be licensed unless the premises to be advertised and the use of such premises for the purpose advertised has been authorised by permission under the planning Acts or unless the premises does not require a grant of planning permission by virtue of the provisions of the Planning Acts or regulations made there under.

Plean Forbartha Contae Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2003-2009	Galway County Council County Development Plan 2003 -2009
Caighdeán SF 9: Caighdeáin Smachtú Chomharthaíocht	DC Standard 9: Control standards for signage
Ní cheadófar ach méid áirithe de chomharthaí fógraíochta ar bhóithre sna Ceantair tuaithe lasmuigh de theorainneacha na mbailte agus na sráidbhailte, agus bainfidh siad siúd le hiontais oidhreachta nó turasóireachta le spéis náisiúnta ag baint leo. Beidh córas ceadúnaithe do chomharthaí agus struchtúir ar bhóithre poiblí á fheidhmiú ag an Údarás Pleanála.	Advertising signs will not be permitted along roads in rural areas outside the boundaries of towns and villages save for a limited number, which relate to heritage or tourist attractions, which are of national interest. The Planning Authority will operate a licensing system for all signs and structures on public roads.
Déanfar an córas do chomharthaí méarphosta, a bhaineann le háitribh agus atá lonnaithe siar ó phríomhbhóithre, a fheidhmiú mar seo a leanas:	The system for finger post signs, which relate to premises, and are located away from major routes, will operate on the following basis:
1. Cuaille aonair ceadaithe ar an acomhal bóthair sa mbreis ar aon chomhartha treoraithe reachtúil de chuid an gComhairle Contae.	1. A single pole will be allowed at the road junction apart from any County Council statutory directional sign.
2. Uasmhéid de 4 chomhartha ar an gcuaille.	2. A maximum of 4 no. signs shall be allowed on the pole.
3. Ní bheidh ach comhartha méarphosta amháin ag aon áitreabh.	3. No establishment may have more than one fingerpost sign.
4. Beidh an t-áitreabh laistigh de 8 ciliméadar ó shuíomh an chomhartha.	4. The establishment shall be within 8 km of the location of the sign.
5. Beidh comharthaíocht sa nGaeltacht trí Ghaeilge	5. Signage in the Gaeltacht area shall be in the Irish language.

Fearais agus Cáblaí etc. ar Bhóithre Poiblí a Cheadúnú, Alt 254, An tAcht um Pleanáil & Forbairt 2000 (cuid xviii)	Licensing of Appliances and Cables etc. on Public Roads Section 254, Planning & Development Act 2000 (part xviii)
1. Faoi réir fho-alt (2), ní dhéanfaidh duine aon cheann díobh seo a leanas a thógáil, a fhoirgniú, a shuíomh nó a chothabháil— **(a) inneall díola,** **(b) léarscáil de bhaile nó de thírdhreach chun treonna nó áiteanna a thaispeáint,** **(c) clárlach, fál nó scafall,** **(d) struchtúr fógráin,** **(e) cábla, sreang nó píblíne,** **(f) both nó uaithne gutháin, nó** **(g) aon fhearas, gaireas nó struchtúr eile a fhorordófar mar ní ar gá ceadúnas a fháil ina leith faoin alt seo, ar bhóthar poiblí nó faoi nó thairis nó ar a fheadh, ach amháin de réir ceadúnais arna dheonú ag údarás pleanála faoin alt seo.**	1. Subject to subsection (2), a person shall not erect, construct, place or maintain— (a) a vending machine, (b) a town or landscape map for indicating directions or places, (c) a hoarding, fence or scaffold, (d) an advertisement structure, (e) a cable, wire or pipeline, (f) a telephone kiosk or pedestal, or (g) any other appliance, apparatus or structure, which may be prescribed as requiring a licence under this section, on, under, over or along a public road save in accordance with a licence granted by a planning authority under this section.
2. Ní bheidh feidhm ag an alt seo maidir leis na nithe seo a leanas— **(a) fearas, gaireas nó struchtúr a bheidh údaraithe de réir ceada pleanála arna dheonú faoi Chuid III;** **(b) clárlach, fál nó scafall sealadach a bheidh tógtha de réir coinníll a ghabhann le cead pleanála arna dheonú faoi Chuid III;** **(c) cábla, sreang nó píblíne a thógáil, a fhoirgniú, a shuíomh nó a chothabháil faoi bhóthar poiblí ag gnóthaire reachtúil.**	2. This section shall not apply to the following— (a) an appliance, apparatus or structure which is authorised in accordance with a planning permission granted under Part III; (b) a temporary hoarding, fence or scaffold erected in accordance with a condition of planning permission granted under Part III; (c) the erection, construction, placing or maintenance under a public road of a cable, wire or pipeline by a statutory undertaker.
3. Aon duine a dhéanfaidh iarratas ar cheadúnas faoin alt seo, tabharfaidh sé nó sí don údarás pleanála cibé pleananna agus faisnéis eile maidir le suíomh, dearadh agus acmhainn an fhearais, an ghairis nó an struchtúir a éileoidh an t-údarás.	3. A person applying for a licence under this section shall furnish to the planning authority such plans and other information concerning the position, design and capacity of the appliance, apparatus or structure as the authority may require.
4. Féadfaidh an t-údarás pleanála ceadúnas a dheonú faoin alt seo ar feadh cibé tréimhse agus ar cibé coinníollacha a shonróidh an t-údarás, lena n-áirítear coinníollacha i ndáil le suíomh agus dearadh agus i gcás inarb é tuairim an údaráis pleanála, de dheasca méadú nó athrú sa trácht ar an mbóthar nó de dheasca an bóthar a leathnú nó aon fheabhsú ar an mbóthar nó i ndáil leis, gur bacainn an fearas, an gaireas nó an	4. A licence may be granted under this section by the planning authority for such period and upon such conditions as the authority may specify, including conditions in relation to location and design, and where in the opinion of the planning authority by reason of the increase or alteration of traffic on the road or of the widening of the road or of any improvement of or relating to the road,

struchtúr nó go bhfuil sé éirithe contúirteach, féadfaidh an t-údarás, trí fhógra i scríbhinn, an ceadúnas a tharraingt siar agus a cheangal ar an gceadúnaí an fearas, an gaireas nó an struchtúr a dhíchur ar a chostas nó ar a costas féin.	the appliance, apparatus or structure causes an obstruction or becomes dangerous, the authority may by notice in writing withdraw the licence and require the licensee to remove the appliance, apparatus or structure at his or her own expense.
5. Le linn dó breithniú a dhéanamh ar iarratas ar cheadúnas faoin alt seo, beidh aird ag an údarás pleanála, nó ag an mBord ar achomharc, ar na nithe seo a leanas— **(a) pleanáil chuí agus forbairt inchothaithe an limistéir,** **(b) aon fhorálacha iomchuí den phlean forbartha, nó de phlean limistéir áitiúil,** **(c) líon agus suíomh na bhfearas, na ngaireas nó na struchtúr a tá ann faoi láthair ar an mbóthar poiblí nó faoi nó thairis nó ar a fheadh, agus** **(d) caoithiúlacht agus sábháilteacht úsáideoirí bóthair lena n-áirítear coisithe.**	5. In considering an application for a licence under this section a planning authority, or the Board on appeal, shall have regard to— (a) the proper planning and sustainable development of the area, (b) any relevant provisions of the development plan, or a local area plan, (c) the number and location of existing appliances, apparatuses or structures on, under, over or along the public road,and (d) the convenience and safety of road users including pedestrians.
6. (a) Féadfaidh aon duine achomharc a dhéanamh chun an Bhoird i ndáil le ceadúnas faoin alt seo a dheonú, a dhiúltú, a tharraingt siar nó a leanúint i bhfeidhm, nó leis na coinníollacha a shonróidh an t-údarás pleanála maidir le ceadúnas den sórt sin. **(b) I gcás ina ngéillfear d'achomharc faoin alt seo, tabharfaidh an Bord cibé ordacháin is cuí maidir le ceadúnas faoin alt seo a tharraingt siar, a dheonú nó a athrú, agus comhlíonfaidh an t-údarás pleanála na hordacháin sin.**	6. (a) Any person may, in relation to the granting, refusing, withdrawing or continuing of a licence under this section or to the conditions specified by the planning authority for such a licence, appeal to the Board. (b) Where an appeal under this section is allowed, the Board shall give such directions with respect to the withdrawing, granting or altering of a licence under this section as may be appropriate, and the planning authority shall comply therewith.
7. Is forbairt dhíolmhaithe chun críocha an Achta seo forbairt a dhéanfar de réir ceadúnais faoin alt seo.	7. Development carried out in accordance with a licence under this section shall be exempted development for the purposes of this Act.
8. Ní bheidh duine i dteideal, de bhíthin ceadúnais faoin alt seo agus dá bhíthin sin amháin, aon fhearas, gaireas nó struchtúr a thógáil, a fhoirgniú, a shuíomh nó a chothabháil ar bhóthar poiblí nó faoi nó thairis nó ar a fheadh.	8. A person shall not be entitled solely by reason of a licence under this section to erect, construct, place or maintain on, under, over or along a public road any appliance, apparatus or structure.
9. Faoi réir fho-alt (10), aon duine a dhéanfaidh— **(a) fearas, gaireas nó struchtúr dá dtagraítear i bhfo-alt (1) a thógáil, a fhoirgniú, a shuíomh nó a chothabháil ar bhóthar poiblí nó faoi nó thairis nó ar a fheadh gan ceadúnas faoin alt seo a bheith aige nó aici chun**	9. Subject to subsection (10), any person who— (a) erects, constructs, places or maintains an appliance, apparatus or structure referred to in subsection (1) on, under, over or along any public road without having a licence under this section to

déanamh amhlaidh, **(b) fearas, gaireas nó struchtúr den sórt sin a thógáil, a fhoirgniú, a shuíomh nó a chothabháil ar bhóthar poiblí nó faoi nó thairis nó ar a fheadh ar shlí seachas de réir ceadúnais faoin alt seo, nó** **(c) aon choinníoll ar faoina réir a tugadh ceadúnas faoin alt seo dó nó di a shárú, beidh sé nó sí ciontach i gcion.**	do so, (b) erects, constructs, places or maintains such an appliance, apparatus or structure on, under, over or along any public road otherwise than in accordance with a licence under this section, or (c) Contravenes any condition subject to which a licence has been granted to him or her under this section, shall be guilty of an offence.
10. (a) Féadfaidh údarás pleanála, de bhua an fho-ailt seo, aon fhearas, gaireas nó struchtúr dá dtagraítear i bhfo-alt (1) a thógáil, a fhoirgniú, a shuíomh nó a chothabháil é féin ar bhóthar poiblí nó faoi nó thairis nó ar a fheadh, agus ní gá don údarás pleanála ceadúnas faoin alt seo a bheith aige. **(b) Ní dhéanfar aon ní san fho-alt seo a fhorléiriú mar ní a thugann cumhacht d'údarás pleanála bac a chur le húsáid réasúnach bóthair phoiblí ag an bpobal nó ag aon duine atá i dteideal é a úsáid nó mar ní a thugann cumhacht d'údarás pleanála núis a chruthú d'úinéir nó d'áititheoir áitribh atá in aice leis an mbóthar poiblí.**	10. (a) A planning authority may, by virtue of this subsection, itself erect, construct, place or maintain, on, under, over or along a public road any appliance, apparatus or structure referred to in subsection (1), and it shall not be necessary for the planning authority to have a licence under this section. (b) Nothing in this subsection shall be construed as empowering a planning authority to hinder the reasonable use of a public road by the public or any person entitled to use it or as empowering a planning authority to create a nuisance to the owner or occupier of premises adjacent to the public road.
11. I gcás nach é an t-údarás pleanála an t-údarás bóithre chun críocha bóithre náisiúnta nó réigiúnacha ina limistéar, ní dheonóidh sé ceadúnas faoin alt seo i leith aon fhearais, gairis nó struchtúir ar bhóthar náisiúnta nó réigiúnach nó faoi nó thairis nó ar a fheadh, ná aon fhearas, gaireas nó struchtúr a thógáil, a fhoirgniú, a shuíomh nó a chothabháil ar bhóthar náisiúnta nó réigiúnach nó faoi nó thairis nó ar a fheadh, ach amháin tar éis dul i gcomhairle leis an údarás arb é an t-údarás bóithre é chun na gcríoch sin.	11. Where a planning authority is not the road authority for the purposes of national or regional roads in its area, it shall not grant a licence under this section in respect of any appliance, apparatus or structure on, under, over or along a national or regional road or erect, construct or place any appliance, apparatus or structure on, under, over or along a national or regional road except after consultation with the authority which is the road authority for those purposes.

Seol an fhoirm ar ais chuig: **An tAonad Pleanála & Forbartha Inmharthana** **Comhairle Chontae na Gaillimhe** **Áras an Chontae** **Cnoc na Radharc** **Gaillimh.**	Return to: Planning & Sustainable Development Unit Galway County Council Áras an Chontae Prospect Hill Galway	Tel. (091) 509308 Fax (091) 509199 planning@galwaycoco.ie www.gaillimh.ie www.galway.ie